

Cathain is féidir liom cur isteach ar thacaíochtaí spriocdhírthe AIM?

Ba cheart iarratais ar thacaíochtaí spriocdhírthe a dhéanamh faoi mhí na Bealtaine chun go mbeidh siad i bhfeidhm roimh thús na bliana réamhscoile, ach is féidir cur isteach orthu am ar bith sa bhliain, áfach.

I gcás leanaí a bhfuil riachtanais níos casta acu, spreagtar tuismitheoirí agus soláthraithe réamhscoile iarratas a dhéanamh go luath.

Is féidir teacht ar na sonraí iomlána ar láithreán gréasáin AIM www.aim.gov.ie.



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

Cá féidir liom teacht ar eolas breise?

Is féidir teacht ar eolas níos mionsonraithe faoi AIM ag www.aim.gov.ie.

Beidh do Choiste Contae nó Cathrach i gCúram Leanaí (CCC) áitiúil in ann eolas agus treoir bhreise a thabhairt freisin. Is féidir teacht ar naisc le gach CCC freisin ag www.aim.gov.ie.

Tionscnamh de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Imeachtha agus Óige



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



An dteastaíonn tacaíocht ó do réamhscoil le heispéireas ionchuimsitheach a sholáthar do gach leanbh?

Is féidir le tacaíochtaí AIM a chinntiú gur féidir le gach leanbh, gan aird ar a gcumas, páirt iomlán a ghlacadh i gclár Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE).



Cad é AIM?

Samhail tacaíochtaí is ea **an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú** (AIM) atá in ainm is ionchuimsiú a chur chun cinn agus a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas páirt bhríoch a ghlacadh i gclár **Chúram agus Oideachas na Luath-Óige** (ECCE) saor in aisce réamhscoile i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha.

Sa mhail leanbháil is ea AIM, ina gcuirtear réim se tacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírthe ar fáil. Cuireann sé tacaíochtaí saincheaptha praiticiúla ar fáil bunaithe ar ghá agus **ní gá diagnóis fhoirmiúil a dhéanamh ar mhíchumas mar chuid de.**



Tacaíochtaí Uilíocha AIM – suíomhanna ionchuimsitheacha a chur chun cinn

Téann tacaíochtaí uilíocha chun sochair na timpeallachta iomláine réamhscoile trína chur ar chumas soláthraithe réamhscoile cultúr níos ionchuimsithe a chruthú ina suíomh. Baintear seo amach trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), cairt agus treoirleá ionchuimsithe do réamhscoileanna agus cáilíocht Leibhéal 6 san Ionchuimsiú (LINC). Tá réamhscoileanna ina bhfostaítear Comhordaitheoir Ionchuimsithe cáilithe incháilithe méadú €2 in aghaidh an linbh sa tseachtain i gcaipitíocht ECCE a fháil.

Tá oiliúint chun tacú le cleachtas ionchuimsitheach ar fáil do bhainisteoirí agus don fhoireann réamhscoile. Áirítear leis an oiliúint seo ar mhíchumas agus ionchuimsiú cúrsaí i bpróiseáil chéadfach, teanga chomharthaíochta agus cúram a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais leighis níos casta acu.

Tacaíochtaí Spriocdhírthe AIM

I gcás go leor leanaí, ba leor tacaíochtaí uilíocha AIM le hionchuimsiú a chinntiú. Sa chás go measann soláthraí réamhscoile, i gcomhar le tuismitheoir, caomhnóir nó cúramóir, go bhféadfadh roinnt tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil chun freastal ar riachtanais linbh ar leith, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar thacaíocht spriocdhírthe amháin nó níos mó faoi leibhéil 4 – 7 AIM.

D'fhéadfaí tacaíochtaí spriocdhírthe breise a sholáthar do shainchomhairle agus shainmeantóireacht chúram agus oideachas na luath-óige (leibhéal 4), do sh a intrealamh, fearais agus mionathruithe (leibhéal 5), tacaíochtaí teiripeacha (leibhéal 6) nó do chaipitíocht bhreise le cúnamh breise a chistiú sa seomra réamhscoile ECCE (leibhéal 7). Ní thacaíonn seo le cistiú do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna), ach ceadaíonn sé an cóimheas idir leanaí agus daoine fásta sa seomra réamhscoile a laghdú nó ball foirne breise a chistiú mar acmhainn chomhroinnte sa suíomh ECCE.



Is féidir iarratais a dhéanamh ó mhí na Bealtaine gach bliain ar Chlárbhláin ECCE, a thosaíonn i Meán Fómhair

Téigh go dtí www.aim.gov.ie chun teacht ar eolas breise



Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí chun cur isteach ar thacaíochtaí spriocdhírthe AIM?

Déanann an soláthraí réamhscoile iarratais ar thacaíochtaí spriocdhírthe AIM i gcomhoibriú leis an tuismitheoir ar ardán an Hive Luathbhlianta.

Nuair a theastaíonn comhairle ó sholáthraí seirbhíse réamhscoile faoi cén tacaíochtaí a theastaíonn lena chur ar chumas linbh páirt a ghlacadh in ECCE, is féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Speisialtóra Luathbhlianta atá bunaithe in Pobal ag EYPC@pobal.ie nó (01) 511 7222. Ina theannta sin, cabhróidh an Phróifíl um Rochtain agus Cuimsiú a líonadh leis an tuismitheoir, an caomhnóir nó an cúramóir leis an ngá a thabhairt chun solais agus a shoiléiriú atá le haon tacaíochtaí breise.

Is féidir le soláthraithe réamhscoile teagmháil a dhéanamh freisin lena gCoiste Cathrach nó Contae i gCúram Leanaí (CCC) freisin chun teacht ar eolas faoi AIM nó ar chabhair le hiarratais a sheoladh ar aghaidh ar thacaíochtaí faoi AIM.

Tá foirm um Thoiliú Feasach, ar féidir le tuismitheoir, caomhnóir nó cúramóir linbh í a líonadh, mar chuid den Phróifíl um Rochtain agus Cuimsiú agus is féidir í a íoslódáil ó láithreán gréasáin AIM. Is féidir an fhoirm thoilte a chlóg agus a shíniú nuair atá an phróifíl á líonadh. Ba cheart don soláthraí réamhscoile an fhoirm thoilte shínithe a uaslódáil ansin agus í a sheoladh ar aghaidh leis an bPróifíl um Rochtain agus Cuimsiú.